RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1508 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Iúil 2023

lena maolaítear i leith na bliana 2023 ar Airteagal 44(2), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le leibhéal na réamhíocaíochtaí le haghaidh idirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha agus idirghabhálacha forbartha tuaithe a bhaineann le limistéar agus le hainmhithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 44(2), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2116, ón 16 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Samhain, féadfaidh na Ballstáit réamhíocaíochtaí suas go 50 % a íoc le haghaidh idirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha agus roimh an 1 Nollaig féadfaidh siad réamhíocaíochtaí suas go 75 % a íoc le haghaidh idirghabhálacha forbartha tuaithe a bhaineann le limistéar agus le hainmhithe faoi Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(2) Tá an earnáil talmhaíochta faoi bhrú mar gheall ar phaindéim COVID-19, ar a tionchar ar shlabhraí an tsoláthair bia, agus ar an mborradh atá tagtha ar phraghsanna an fhuinnimh agus na n-ionchur talmhaíochta ó bhí fómhar 2021 ann. Ina theannta sin, le hionradh na Rúise ar an Úcráin géaraíodh ar an staid agus bhí tionchar diúltach breise aige ar earnáil na talmhaíochta. Tá méadú nach beag tagtha ar phraghsanna ionchuir, amhail costais fuinnimh, leasacháin agus beatha i ngach earnáil talmhaíochta.

(3) Mar thoradh air sin, tháinig méadú nach beag ar sciar na gcostas fuinnimh agus leasachán sa tomhaltas idirmheánach iomlán in 2022, agus is i bhfeirmeacha barr páirce agus i bhfeirmeacha barr buan a bhí an méadú is mó le sonrú, agus a neamhchosaint ar chostais leasacháin ba chúis leis sin sa dá chás. Is airde fós ná riamh na praghsanna leasacháin. De réir na sonraí is éard atá déanta ag na feirmeoirí mar fhreagairt air sin, an úsáid a bhaineann siad as leasacháin a laghdú, cé nach fios fós na hiarmhairtí a bheidh aige sin ar tháirgeacht agus ar cháilíocht na dtráchtearraí bia agus beatha.

(4) Tá méadú tagtha, i gcomhréir leis an mboilsciú ginearálta, ar phraghsanna ionchur eile i gcás feirmeoirí agus oibreoirí biashlabhra san Aontas, amhail táirgí cosanta plandaí agus cóireálacha sláinte ainmhithe, innealra agus pacáistiú, mar shampla.

(5) Le déanaí, tá laghdú nach beag ag teacht ar phraghsanna fhormhór na dtráchtearraí talmhaíochta amhail gránaigh, olashíolta agus táirgí déiríochta. I roinnt Ballstát, tá an staid tar éis éirí thar a bheith deacair ós rud é gur in olcas a chuaigh an cóimheas idir praghsanna ionchuir agus praghsanna tráchtearraí.

(6) Na cúinsí sin, mar aon le drochtheagmhais mheitéareolaíocha a tharla le déanaí i réigiúin áirithe, amhail triomach agus tuilte foircneacha, d'fhéadfaidís fadhbanna leachtachta a chruthú do tháirgeoirí talmhaíochta. Chun dul i ngleic leis na fadhbanna leachtachta sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit réamhíocaíochtaí méadaithe a íoc i leith na bliana éilimh 2023.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um na Cistí Talmhaíochta agus ón gCoiste um an gComhbheartas Talmhaíochta,

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 187.

([2]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. De mhaolú ar Airteagal 44(2), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2116, i leith na bliana éilimh 2023, féadfaidh na Ballstáit réamhíocaíochtaí suas go 70 % a íoc le haghaidh idirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha faoi Theideal III, Caibidil II de Rialachán (AE) 2021/2115, agus le haghaidh na mbeart dá dtagraítear i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

2. De mhaolú ar Airteagal 44(2), an dara fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2116, i leith na bliana éilimh 2023, féadfaidh na Ballstáit réamhíocaíochtaí suas go 85 % a íoc i leith na tacaíochta arna deonú faoi idirghabhálacha forbartha tuaithe a bhaineann le limistéar agus le hainmhithe faoi Theideal III, Caibidil IV, de Rialachán (AE) 2021/2115.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí san Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1405/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 41).